Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 31

# Iompar, Turasóireacht agus Spórt

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 31, tá dualgas orm, gach bliain, chun an cuntas leithreasa don Vóta a réiteach, agus chun an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, réitigh mé an cuntas atá ar ceangal ina sonraítear an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 do thuarastail agus costais Oifig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, chun íoc as deontais áirithe agus seirbhísí áirithe eile.

Déantar an t-aischur caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna:

- arna mbronnadh ag Dáil Éireann faoin gCuntas Leithreasa 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair caiteachais don bhliain, agus
- arna bhforáil le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil in 2015 amach as leithreas 2014 nár caitheadh, faoi na socruithe iarchurtha maidir le géilleadh a bhunaítear le hAlt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Tá barrachas €5.97 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1-6 mar chuid den chuntas.

## An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú seachas na nithe seo a leanas;

***Dímheas***

Is é beartas na Roinne sócmhainní a dhímheas ó dháta an cheannaigh a fhad leis an mbliain diúscartha, agus ina n-áirítear an bhliain roimh an mbliain diúscartha ag na rátaí seo a leanas.

Talamh agus foirgnimh – dímheas ar bith

Troscáin agus feistis - 10%

Trealamh oifige - 20%

Mótharfheithiclí – 20%

Trealamh speisialta - 20%

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn seo córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo dhualgais eile mar Ard-Rúnaí. Anuas air sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh dearbhú réasúnta seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh a choimeád agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras ar a éifeachtacht.

***Dearbhú maidir le Seirbhísí Comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Is é an tOifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an tOifigeach Cuntasaíochta freisin le haghaidh Vóta 18 agus tá sé freagrach as feidhmiú rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhíse Comhroinnte.

Tá próiseas iniúchta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte chun ráthú neamhspleách a thabhairt maidir le feidhmiú rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Tá na hiniúchtaí á ndéanamh ag gnólachtaí cuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta ar Dhearbhú Iontaofachta (ISAE 3402) atá deartha chun tuairisc a thabhairt do rannóga úsáideoirí agus dá n-iniúchóirí maidir leis na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte.

Cuimsítear sna hiniúchtaí (i) measúnú ullmhachta chun rioscaí agus rialuithe gaolmhara a aithint agus anailís ar bhearnaí a sholáthar, agus ansin (ii) tuarascáil maidir le dearadh agus rialuithe atá ann, agus (iii) tuarascáil bhliantúil ar cibé ar feidhmíodh rialuithe go héifeachtach.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh seirbhísí comhroinnte litir dom ina dtugtar cuntas ar an dul chun cinn ó thaobh an phróisis dearbhaithe iniúchta a chur i bhfeidhm agus táim ag súil go dtabharfar tuairisc dom maidir le torthaí na n-iniúchtaí ar an dearadh, ar na rialuithe atá ann agus ar a bhfeidhmiú mar atá leagtha amach sa Litir sin.

Glacaim dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte á thuairisciú dom ag an Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tairmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na dísciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann
- cinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Ina theannta sin, deimhníodh go bhfuil Rannán Airgeadais na Roinne comhlíontach le ISO: 9001:2008 agus deimhniú aici suas go dtí an 21 Feabhra 2017, maidir lena nósanna imeachta bainistíochta.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Tá Beartas um Bainistíocht Riosca i bhfeidhm ag an Roinn mar aon le Clár Rioscaí do gach riosca straitéiseach agus a bhaineann le gnó. Tugtar sainmhíniú sa bheartas ar Riosca Airgeadais mar theip ar shocruithe éifeachtacha bainistíochta agus freagrachta airgeadais a choimeád i ngach ceann de ghníomhaíochtaí na Roinne. Déantar measúnú agus scóráil ar rioscaí ar bhonn tionchair, dóchúlachta agus éifeachtacht na rialuithe atá i bhfeidhm. Faoi láthair, níl aon rioscaí airgeadais ag an Roinn a dhéantar a rátáil amhail bheith ard. Tá roinnt Rioscaí Straitéiseacha agus Rioscaí Gnó ann a shainaithnítear sa Chlár Rioscaí a rangaítear mar rioscaí a bhaineann le cúrsaí airgeadais/rialachais chorparáidigh. Déantar iad seo go léir a rátáil mar rioscaí ísle, agus aird ar an dóchúlacht go dtarlóidh siad agus ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm chun iad a mhaolú, go háirithe Nós Imeachta mionsonraithe um Rialú Inmheánach Airgeadais a chur i bhfeidhm ar leibhéal Roinne.

***An Coiste Iniúchta agus Iniúchta Inmheánaigh***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil dá n-obair an iniúchta inmheánaigh, agus tá a bpleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

**Graham Doyle**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

29 Márta 2016

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanachaag An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 June 2016

# Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt
## Cuntas Leithreasa 2015

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas clár** | | | | | |
| A | Eitlíocht shibhialta | | 26,416 | 24,792 | 25,539 |
| B | Iompar ar talamh | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,285,438 | | | |
| | *Forlíontach* | 112,200 | 1,397,638 | 1,391,660 | 1,471,950 |
| C | Iompar agus sábháilteacht mhuirí | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 90,597 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,140 | 91,737 | 89,519 | 93,831 |
| D | Seirbhísí Spóirt agus Áineasa | | | | |
| | *Bunaidh* | 90,441 | | | |
| | *Forlíontach* | 800 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 23,965 | 115,206 | 102,088 | 73,016 |
| E | Seirbhísí Turasóireachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 119,796 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,000 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 4,000 | 124,796 | 120,574 | 134,538 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,612,688 | | | |
| | *Forlíontach* | 114,000 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 29,105 | **1,755,793** | **1,728,633** | **1,798,874** |
| | *Lúide* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 396,756 | | | |
| | *Forlíontach* | 14,000 | **410,756** | **405,663** | **390,277** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,215,932 | | | |
| | *Forlíontach* | 100,000 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 29,105 | | | |
| | | | **1,345,037** | **1,322,970** | **1,408,597** |

**Barrachas atá le tabhairt suas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh a sháraigh an ghlansuim a caitheadh faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadtar gach leithreasú neamhchaite, nó cuid d'aon leithreasú neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dá éis sin.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 22,066,761 | 33,872,830 |
| Forghéilleadh iarchurtha | (16,100,000) | (29,105,000) |
| Barrachas le forghéilleadh | 5,966,761 | 4,767,830 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 28,025 | 26,770 | 26,611 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,147 | 985 | 1,017 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,605 | 1,861 | 2,321 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 520 | 373 | 364 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,584 | 1,621 | 1,583 |
| vi | Costais áitreabh na hoifige | 564 | 594 | 551 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 1,065 | 360 | 429 |
| | | **34,510** | **32,564** | **32,876** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 1,696,068 | 1,765,998 |
| Pá | | 26,770 | 26,611 |
| Neamhphá | | 5,795 | 6,265 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,728,633** | **1,798,874** |
| Lúide | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **405,663** | **390,277** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,322,970** | **1,408,597** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (5,344) | | |
| Diúscairtí airgid | 69 | | |
| (Brabús)/caillteanas ar dhiúscairtí | (69) | | |
| Dímheas | 3,184 | | |
| | | (2,160) | 68 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 3,666 | | |
| Méadú ar stoc | (613) | | |
| | | 3,053 | (2,559) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,323,863** | **1,406,106** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 15,504 | 19,803 |
| Measchíosanna | | 742 | 714 |
| **Glanchostas clár** | | **1,340,109** | **1,426,623** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Comhghaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 31 a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 Airgeadas | m | — | 93 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 105 | 75 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 10,102 | 14,845 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 4,812 | 4,369 |
| Vóta 18 Comhsheirbhísí | m | 39 | 21 |
| An Lárchiste – Pinsin Aire | m | 446 | 400 |
| | | **15,504** | **19,803** |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá san uimhir.

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.2 | **12,165** | **10,005** |
| | | **12,165** | **10,005** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| An banc agus airgead tirim | 2.3 | 18,774 | 33,274 |
| Stoic | 2.4 | 1,204 | 591 |
| Réamhíocaíochtaí | | 671 | 2,551 |
| Ioncam fabhraithe | | — | 2,000 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 556 | 1,598 |
| **Sócmhainní iomlána reatha** | | **21,205** | **40,014** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 2,090 | 2,304 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 461 | 401 |
| Glandliteanas leis an Státchiste | 2.7 | 18,869 | 34,471 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **21,420** | **37,176** |
| **Glan (dliteanais)/sócmhainní reatha** | | **(215)** | **2,838** |
| **Glansócmhainní** | | **11,950** | **12,843** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas um chistiú Stáit** | 2.1 | **11,950** | **12,843** |

| **2.1 An Cuntas um Chistiú Stáit** | **Nóta** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 12,843 | 10,316 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,345,037 | | |
| Forghéilleadh iarchurtha | Cuntas | (16,100) | | |
| Barrachas le forghéilleadh | Cuntas | (5,967) | | |
| Glanvóta | | | 1,322,970 | 1,408,597 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 15,504 | 19,803 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 742 | 714 |
| Glanchostas clár | 1 | | (1,340,109) | (1,426,623) |
| Coigeartú na sócmhainne caipitil | 2.2 | | — | 36 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **11,950** | **12,843** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscáin agus feistis | Mótarfheithiclí | Trealamh speisialta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2015 | 2,396 | 18,951 | 2,317 | 10,763 | 18,518 | 52,945 |
| Coigeartú[a] | — | 450 | (410) | — | (40) | — |
| Breisiúcháin | — | 1,283 | 4 | 2,796 | 1,261 | 5,344 |
| Diúscairtí | — | — | — | (528) | — | (528) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2015 | 2,396 | 20,684 | 1,911 | 13,031 | 19,739 | 57,761 |
| **Dímheas carnach** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015 | — | 15,988 | 1,454 | 8,484 | 17,014 | 42,940 |
| Coigeartú | — | 324 | (324) | — | — | — |
| Dímheas don bhliain | — | 1,159 | 240 | 1,176 | 609 | 3,184 |
| Diúscairtí | — | — | — | (528) | — | (528) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2015 | — | 17,471 | 1,370 | 9,132 | 17,623 | 45,596 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **2,396** | **3,213** | **541** | **3,899** | **2,116** | **12,165** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **2,396** | **2,963** | **863** | **2,279** | **1,504** | **10,005** |

[a] Is é is aidhm leis an gcoigeartú ná an sceideal seo a fhágáil de réir Chlár Sócmhainní Caipitil na Roinne.

| **2.3 An Banc agus Airgead Tirim** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna agus airgead PMG | 18,703 | 33,162 |
| Cuntais bhainc thráchtála | 71 | 112 |
| | **18,774** | **33,274** |

| **2.4 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas agus soláthairtí oifige | 25 | 26 |
| Tomhaltáin TF | 18 | 18 |
| Tomhaltáin speisialta (Gardaí Cósta na hÉireann) | 1,161 | 547 |
| | **1,204** | **591** |

| **2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Cnapshuimeanna scoir | 46 | 68 |
| Seirbhísí gníomhaireachta an OPW | 418 | 934 |
| Eile | 92 | 596 |
| | **556** | **1,598** |

| **2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suimeanna a bhí dlite don Stát | | |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 2 | 3 |
| Seirbhísí Gairmiúla a Shiarchoinneáil Cáin | 148 | 42 |
| Cáin Bhreisluacha | 29 | 191 |
| | 179 | 236 |
| Muirir phinsin | 229 | 165 |
| Eile | 53 | — |
| | **461** | **401** |

| **2.7 Glandliteanas leis an Státchiste** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le forghéilleadh | 5,967 | 4,768 |
| Forghéilleadh iarchurtha | 16,100 | 29,105 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (3,198) | 598 |
| Glandliteanas leis an Státchiste | **18,869** | **34,471** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc | 18,774 | 33,274 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 556 | 1,598 |
| | 19,330 | 34,872 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (179) | (236) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (282) | (165) |
| | (461) | (401) |
| | **18,869** | **34,471** |

| **2.8 Ceangaltais** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **(a) Ceangaltais dhomhand** | | |
| (i) Fotheidil éadála | 415,570 | 474,015 |
| (ii) Fotheidil deontais | 142,886 | 127,806 |
| Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | **558,456** | **601,821** |

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| **Ceangaltais faoi fhotheidil éadála** | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí héileacaptair chuardaigh agus tharrthála[a] | 389,872 | 449,324 |
| Aerfoirt | 15,973 | 15,780 |
| Ceadúnú feithiclí/tiománaithe | 5,872 | 3,981 |
| Taisteal Inmharthana | 800 | 1,080 |
| An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí | 273 | 279 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 545 | 529 |
| Seirbhísí Ghardaí Cósta na hÉireann | 2,235 | 3,042 |
| | **415,570** | **474,015** |

**(b) Ceangaltais Ilbhliantúla chaipitil**

| | | | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Caiteachas a fhad leis an 31 Nollaig 2014** | **Caiteachas** | **Blianta ina dhiaidh seo** | **Iomlán an tionscadail** | **Iomlán an tionscadail** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí héileacaptair chuardaigh agus tharrthála[a] | 34,526 | — | — | — | 34,526 |
| Limistéir Thaistil Níos Cliste | 14,000 | 5,150 | 4,100 | 23,250 | 23,000 |

[a] Tá san áireamh sna ceangaltais maidir leis an gconradh do sheirbhísí héileacaptair cuardaigh agus tarrthála a thosaigh ar 1 Iúil 2012 ceangaltais a bhfuil idir nádúr oibríochtúil agus nádúr caipitil ag baint leo. Baineann an ceangaltas measta de €389.8 milliún le híocaíochtaí sa todhchaí a bhfuil san áireamh iontu táillí seasta míosúla, táillí eitilte agus breosla in aghaidh an uair an chloig bunaithe ar uaireanta measta eitilte agus táillí aerfoirt agus coimhdeacha. Ba é an costas i 2015 ná €62 milliún. Bhí íocaíochtaí láithreacha caipitil faoin gconradh seo lánurscaoilte i 2014.

| **2.9 Dliteanais Aibithe** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán de dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana | 31 | 46 |

## 3 Caiteachas Clár de réir Fotheidil

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Eitlíocht shibhialta** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 3,030 | 2,825 | 2,763 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 1,188 | 975 | 605 |
| A.3 | Aerfoirt réigiúnacha | 12,000 | 11,993 | 12,881 |
| A.4 | Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta | 10,198 | 8,999 | 9,290 |
| | | **26,416** | **24,792** | **25,539** |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €1.624 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh, (difear de 6% atá i gceist leis sin). Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

| **Sainiú** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Seirbhísí eitlíochta ilghnéitheacha | 1,199 | Íocann an Roinn Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) chun costais síntiús le haghaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta mar Eurocontrol agus ICAO a chumhdach. Ní raibh na costais sin chomh hard is a ceapadh a bheidís. |

| | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Iompar ar talamh** | | | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | | | 10,359 | 9,295 | 9,269 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | | 2,199 | 2,003 | 2,690 |
| B.3 | Feabhsú/cothabháil bóithre | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 728,520 | | | |
| | | *Forlíontach* | 35,160 | 763,680 | 764,860 | 793,914 |
| B.4 | Gníomhaireachtaí agus costais um shábháilteacht ar bhóithre | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,366 | | | |
| | | *Forlíontach* | 260 | 4,626 | 4,504 | 4,455 |
| B.5 | Costais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe | | | 14,500 | 15,471 | 15,323 |
| B.6 | Taisteal níos cliste agus laghdú carbóin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 21,350 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,000 | 24,350 | 20,292 | 14,145 |
| B.7 | Íocaíochtaí um sholáthar seirbhís poiblí | | | 221,363 | 221,272 | 224,188 |
| B.8 | Clár infheistíochta iompair phoiblí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 270,848 | | | |
| | | *Forlíontach* | 73,780 | 344,628 | 338,974 | 395,053 |
| B.9 | Gníomhaireachtaí agus costais ghníomhaireachtaí iompair phoiblí | | | 11,855 | 14,913 | 12,887 |
| B.10 | Seirbhísí ilghnéitheacha | | | 78 | 76 | 26 |
| | | | | **1,397,638** | **1,391,660** | **1,471,950** |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €5.978 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh, difear de 0.4% atá i gceist leis sin. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Feabhsúchán / cothabháil bóithre | (1,180) | Bhí an caiteachas maidir le feabhas/cothabháil bóithre os cionn €36.3 milliún níos airde ná an meastachán bunaidh.<br><br>Leithdháileadh cistiú breise €35.16 milliún mar chuid de mheastachán forlíontach chun dul i ngleic le hoibreacha cosáin a raibh géarghá leo ar bhóithre náisiúnta agus cosáin bóithre faoi bhun an chaighdeáin a fheabhsú ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla.<br><br>Fuarthas cistiú breise de €1.18 milliún ar an iomlán ó áit éigin eile sa Vóta chun freastal ar easnamh €680,000 i gcostais oibriúcháin an UBN agus €500,000 chun freastal ar easnaimh leanúnacha sa leithdháileadh le haghaidh mionscéimeanna faoi chlár na mBóithre. |

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Gníomhaireachtaí sábháilteachta bóthair agus costais | 122 | Bhí meastachán forlíontach €260,000 ag teastáil chun freastal ar chaiteachas breise ag eascairt as reachtaíocht bheartaithe chun cur ar chumas an Gharda Síochána tástáil támhshuanach a dhéanamh ar thiománaithe.<br><br>Tháinig méadú €148,000 ar an gcaiteachas iomlán thar an meastachán bunaithe rud a chuir ar chumas an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre trealamh a cheannach le haghaidh tástálacha drugaí áirithe.<br><br>Tharla an tearc-chaiteachas €122,000 toisc nach ndeachaigh an reachtaíocht riachtanach ar aghaidh sa tréimhse ama a ceapadh dó ar dtús. |
| Costais feithiclí agus ceadúnú tiománaithe | (971) | Bhí an caiteachas níos airde ná mar a measadh mar gheall ar chostais mhéadaithe a bhain le hoibríochtaí Ceadúnú Tiománaithe, go háirithe postas agus táillí as úsáid cártaí dochair. |
| Taisteal níos cliste agus laghdú carbóin | 4,058 | Leithdháileadh cistiú breise €3 mhilliún trí bhíthin meastachán forlíontach chun an Féarbhealach ón Muileann gCearr go Baile Átha Luain a chur i gcrích. Caitheadh an t-airgead sin go léir.<br><br>Bhí na fáltais ón gCiste Rialtais Áitiúil níos lú ná mar a ceapadh a bheidís. Tá an caiteachas ar an bhfo-cheannlíne seo nasctha le fáltais ón gCiste Rialtais Áitiúil. Dá réir sin, bhí laghdaíodh €2 milliún ar an caiteachas chun fáltais níos ísle ná mar a ceapadh ón Rialtas Áitiúil a chur san áireamh.<br><br>Baineann iarmhéid an tearc-chaithimh le moill maidir le cur chun cinn Chlár na mBailte Gníomhach, ar tugadh maoiniú de €2 mhilliún anonn lena aghaidh go 2016. |

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Clár infheistíochta iompair phoiblí | 5,654 | Leithdháileadh cistiú breise de bheagnach €74 milliún trí mheastachán forlíontach chun an gréasán iarnróid throm a chothabháil, chun flít Busanna PSO a ionadú agus a leathnú, chun bearta maidir le rothair agus sábháilteacht i gcathracha a leathnú agus chun freastal ar dhliteanais aibithe a d’eascair as costais thógála na seirbhíse Luas Traschathrach in 2015. Caitheadh an cistiú forlíontach ina iomlán.<br><br>Tharla tearc-chaiteachas de bheagnach €5.6 milliún mar seo a leanas: rinneadh virement neodrach de chuid an Státchiste de €2.9 milliún leis an bhfo-cheannlíne Gníomhaireachtaí agus Costais Iompair Phoiblí lena chinntiú gur tugadh léiriú ar chostais iomlána foirne faoi bhfo-cheannlíne iomchuí le haghaidh Bonneagar Iompair Éireann atá nua-bhunaithe (cónascadh ar NRA agus RPA); tugadh €1.4 milliún ón bhfo-cheannlíne sin mar thosaíocht don Chlár Turasóireachta; agus tarraingt anuas níos moille ná mar a ceapadh (de €1.3 milliún) i nDeontais Bainistíochta Tráchta Inbhuanaithe (tugtha anonn go 2016). Baineann na deontais sin le tionscadail ar fud réimsí na n-údarás áitiúil go léir i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Baineann rannpháirtíocht áitiúil páirtithe leasmhara leo agus toiliú pleanála ó na húdaráis ábhartha rudaí a chuireann moill ar chaiteachas. |
| Gníomhaireachtaí agus costais ghníomhaireachtaí iompair phoiblí | (3,058) | Léirigh cistiú breise anseo virement neodrach de chuid an Státchiste de €2.9 milliún ón bhfo-cheannlíne Infheistíocht in Iompar Poiblí lena chinntiú gur tugadh léiriú ar chostais iomlána foirne faoi bhfo-cheannlíne iomchuí le haghaidh Bonneagar Iompair Éireann atá nua-bhunaithe (cónascadh ar NRA agus RPA). Bhí €81,000 eile ag teastáil freisin chun freastal ar easnamh i gcostais oibriúcháin na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród. |

| | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **Iompar agus sábháilteacht mhuirí** | | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | | 11,882 | 12,119 | 12,223 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | 2,444 | 2,429 | 2,554 |
| C.3 | Riarachán muirí agus Gardaí Cósta na hÉireann | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 76,185 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,140 | 77,325 | 74,887 | 78,971 |
| C.4 | Seirbhísí ilghnéitheacha | | 86 | 84 | 83 |
| | | | **91,737** | **89,519** | **93,831** |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €2.218 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh, difear de 2% atá i gceist leis sin. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán muirí agus Garda Cósta na hÉireann | 2,438 | Bhí coigilteas €1.85 milliún ag Coimisinéir Soilse na hÉireann de réir mar a lean siad ag laghdú a gcostais reatha in 2015. I measc na bpríomh-thiománaithe de laghdú costais bhí siad seo a leanas:<br><br>- tithe solais a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú;<br><br>- uathoibriú próiseas gnó;<br><br>- sceidil shínte cothabhála baoithe;<br><br>- ceannach comhoibríoch; agus<br><br>- áiseanna áitiúla loingseoireachta a aistriú chuig tríú páirtithe (údaráis chalafoirt/chuain áitiúla).<br><br>Tharla iarmhéid na coigilte go príomha ó mhoill in oibreacha caipitiúla ag stáisiún garda cósta na gCloch Liath, ar tugadh a bhformhór ar aghaidh go 2016. |

| | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Seirbhísí spóirt agus áineasa** | | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | | 1,658 | 1,592 | 1,505 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | | 362 | 246 | 274 |
| D.3 | Deontais do chomhlachtaí spóirt agus soláthar áiseanna spóirt agus áineasa (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 25,500 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,000 | 28,500 | 28,058 | 20,944 |
| D.4 | Deontais do sholáthar agus d'athchóiriú linnte snámha | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 3,600 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,653 | 7,253 | 1,563 | 849 |
| D.5 | An Chomhairle Spóirt/an Campas Náisiúnta Spóirt (deontas i gcabhair) (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Bunaidh* | 57,056 | | | |
| | *Forlíontach* | 800 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 17,312 | 75,168 | 68,687 | 49,444 |
| D.6 | Cistiú na gcuntas díomhaoin le haghaidh bearta spóirt | | 2,265 | 1,942 | — |
| | | | **115,206** | **102,088** | **73,016** |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár D €13.118 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh, difear de 11% atá i gceist leis sin . Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

| **Sainiú** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 116 | Léiríonn an tearc-chaiteachas leithdháileadh comhréireach de réir teidil cláir de na coigiltis a baineadh amach i mbuiséad riaracháin na Roinne. Bhain siad go príomha le costais taistil agus chothabhála, costais teileafóin agus caiteachas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar chomhairliúcháin. |
| Deontais chun linnte snámha a sholáthar agus a athchóiriú | 5,690 | Tharla an tearc-chaiteachas ar an gclár seo ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear moill ar chúrsaí tógála, saincheisteanna tairisceana agus srianta ar mheaitseáil cistiú ar leibhéal an údaráis áitiúil. Is clár bunaithe ar éileamh é agus ní íoctar airgead ach amháin ón bhfo-cheannlíne nuair a chomhlíon an tÚdarás Áitiúil ábhartha na téarmaí agus na coinníollacha go léir. |

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Comhairle Spóirt na hÉireann/ An Campas Náisiúnta Spóirt (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 6,481 | Leithdháileadh cistiú breise €800,000 chun dlús a chur faoi chur i gcrích Láthair Náisiúnta Faoi Dhíon.<br><br>D'éirigh tearc-chaiteachas caipitiúil €7 milliún mar gheall ar mhoill gnéithe eile d'Fhorbairt an Champais Spóirt a dhéanamh lena n-áirítear Ceanncheathrú na gCluichí Oilimpeacha Speisialta agus tionscadail le haghaidh cóiríocht oifige. Cuireadh ar aghaidh é sin go dtí 2016. Rinneadh an tearc-chaiteachas a sheach-chur le costais chláir a bhí níos airde ná mar a ceapadh le haghaidh Spórt Éireann arbh ionann iad agus €500,000 ar an iomlán. |
| Cistiú ó na cuntais díomhaoine le haghaidh beart spóirt | 323 | Tharla an tearc-chaiteachas toisc nach raibh dóthain dliteanas aibithe ag Spórt Éireann, an comhlacht atá freagrach as tionscadail a mhaoinítear faoin tionscnamh seo a bhainistiú chun go ndéanfaí na cistí a tharraingt anuas ón Roinn. |

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| E | **Seirbhísí turasóireachta** | | | | | |
| E.1 | Riarachán - pá | | | 1,096 | 938 | 851 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | | | 292 | 144 | 143 |
| E.3 | Fáilte Éireann (deontas i gcabhair) | | | 56,247 | 55,831 | 61,008 |
| E.4 | Turasóireacht Éireann Teoranta – deontas riaracháin agus do chostais ghinearálta | | | 14,758 | 14,758 | 15,560 |
| E.5 | Ciste margaíocht turasóireachta (deontas i gcabhair) | | | 34,053 | 34,053 | 36,276 |
| E.6 | Forbairt táirge turasóireachta (deontas i gcabhair) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 13,350 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,000 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 4,000 | 18,350 | 14,850 | 20,700 |
| | | | | **124,796** | **120,574** | **134,538** |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár E €4.222 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh, difear de 3% atá i gceist leis sin. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

| **Sainiú** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 148 | Léiríonn an tearc-chaiteachas leithdháileadh comhréireach de réir teidil cláir de na coigiltis a baineadh amach i mbuiséad riaracháin na Roinne. Bhain siad go príomha le costais taistil agus chothabhála, costais teileafóin agus caiteachas níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar chomhairliúcháin. |
| Fáilte Éireann | 416 | Baineann an tearc-chaiteachas faoin gclár seo le coigiltis i gcostais phinsin toisc nár ghlac an oiread daoine leis an bpacáiste iomarcaíochta deonaí is a ceapadh a ghlacfadh. |
| Forbairt Táirge Turasóireachta | 3,500 | Soláthraíodh cistiú breise €1 milliún trí bhíthin meastachán forlíontach chun forbairt bhreise a dhéanamh ar na tionscnaimh Scéal Ársa Oirthear na hÉireann agus Bealach an Atlantaigh Fhiáin in Éirinn.<br><br>Tharla moill, áfach, i dtionscadail phleanáilte eile mar gheall ar phleanáil agus ar amanna dírithe isteach a bhí níos faide ná mar a bhíothas ag coinne leis. Mar gheall air sin bhí tearc-chaiteachas iomlán de €3.5 milliún sa bhfo-cheannlíne. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | | | 2015 | | 2014 |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| 1. | Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | 4,691 | 4,387 | 4,429 |
| **Eitlíocht shibhialta** | | | | | |
| 2. | Aisíocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 7,095 | 6,155 | 6,463 |
| 3. | Aisghabháil cíosanna, srl Údarás Eitlíochta na hÉireann | | 394 | 394 | 394 |
| 4. | Íocaíocht le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara | | 2,391 | 2,132 | 2,168 |
| **Iompar ar talamh** | | | | | |
| 5. | Táillí ceadúnais iompar bóthair | | 479 | 953 | 828 |
| 6. | Fáltais ó Chiste an Rialtais Áitiúil | | 376,443 | 370,043 | 372,443 |
| 7. | Fáltais ilghnéitheacha iompair ar talamh | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 14,000 | 16,000 | 16,379 | 2,363 |
| **Iompar agus Sábháilteacht Mhuirí** | | | | | |
| 8. | Fáltais faoin Acht Loingis Cheannaíochta agus faoin Acht um Theileaghrafaíocht gan Sreang, 1919 | | 400 | 445 | 550 |
| **Seirbhísí Turasóireachta** | | | | | |
| 9. | Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann | | 168 | 280 | 214 |
| **Seirbhísí Spóirt** | | | | | |
| 10. | Fáltais Phinsean na Comhairle Spóirt | | 90 | 412 | 175 |
| 11. | Cuntais Díomhaoine | | 2,265 | 1,942 | — |
| **Fáltais Ilghnéitheacha** | | | | | |
| 12. | Fáltais ilghnéitheacha | | 340 | 2,141 | 250 |
| | **Iomlán** | | **410,756** | **405,663** | **390,277** |

**Míniú ar athraithigh shuntasacha**

San iomlán, bhí an t-ioncam a fuarthas trí mheán Leithreasaí-i-gCabhair €5 milliún níos ísle ná mar a measadh, is ionann sin is difear de 1%. Tharla sin mar gheall ar na rudaí seo a leanas, go príomha.

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
| --- | --- | --- |
| Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 304 | Bhí fáltais níos lú ná mar a ceapadh a bheidís toisc gur deacair asbhaintí pinsin a mheas go cruinn. |
| Aisíocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 940 | Íocann an roinn táillí síntiúis bhliantúla le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta, m.sh. Eurocontrol, ICAO, ECAC agus ABIS agus faigheann sí an cistiú ar ais ó Údarás Eitlíochta na hÉireann. In 2015, bhí na táillí ballraíochta níos ísle ná mar a ceapadh a bheidís agus bhí na suimeanna a fuarthas ar ais i bhfad níos ísle. |

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Íocaíocht le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara | 259 | Faigheann an Roinn costais áirithe ar ais ó Údarás Eitlíochta na hÉireann mar gheall ar árachas, tuarastail, costais T&C srl i gcás ina mbaineann siad sin le réimsí beartais cosúil le beartas loingseoireachta aeir agus beartas sábháilteachta aeir. In 2015, bhí na costais níos ísle ná mar a measadh a bheidís. |
| Táillí ó cheadúnais iompair bóthair | (474) | Mar gheall ar an mborradh arís ar an ngeilleagar, bhí iarratais (agus na táillí gaolmhara) ar cheadúnais agus athnuachana níos airde ná mar a ceapadh a bheidís. |
| Fáltais ón gCiste Rialtais Áitiúil | 6,400 | Bhí an meastachán bunaidh €376 milliún bunaithe ar mhéadú réamh-mheasta de 1% i bhfáltais ó mhótarcháin. Mar sin féin, bhí na fáltais iarbhír 1.7% níos lú ná mar a ceapadh a bheidís. |
| Fáltais ilghnéitheacha iompair ar talamh | (379) | Aithníodh €14 milliún eile mar fháltais bhreise A-in-A ag éirí ó aistriú na dtobhach a fuair an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród. Leithdháileadh an t-ioncam breise faoi mheastachán forlíontach i dtreo chostais tógála Luas (faoi fho-cheannlíne B8).<br><br>Baineann an tearc-sholáthar €379,000 le ranníocaíochtaí pinsin ó NTA/CTR nach raibh áirithe sa chéad mheastachán. |
| Fáltais faoin Acht Loingis Cheannaíochta agus faoin Acht um Theileaghrafaíocht gan Sreang, 1919 | (45) | Bhí na fáltais níos airde ná mar a ceapadh mar gheall ar ioncam méadaithe ó tháillí agus muirir a bhain le scrúduithe agus deimhnithe maraithe, iarratais ar cheadúnais raidió, táillí suirbhéanna, atá cumhdaithe faoin Acht. |
| Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann | (112) | I mí Aibreáin 2015, leasaíodh rialacha na scéime pinsin rud lenar méadaíodh leibhéal na ranníocaíochtaí pinsin a bhí iníoctha ag foireann Thurasóireacht Éireann. |
| Fáltais Phinsean na Comhairle Spóirt | (322) | Tar éis Comhairle Spóirt na hÉireann a dhíscaoileadh agus é a chónascadh le hÚdarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt chun Spórt Éireann a chruthú bhí na fáltais phinsin níos airde ná mar a ceapadh a bheidís ag an tús. |
| Cuntais Díomhaoine | 323 | Tá tarraingt anuas an chistithe nasctha le híocaíochtaí faoi D.6 Cuntais Díomhaoine le haghaidh Beart Spóirt. Ní raibh an dul chun cinn ar na bearta sin chomh tapa is a ceapadh a bheidís rud a chiallaigh go raibh an tarraingt anuas laghdaithe. |
| Fáltais ilghnéitheacha | (1,801) | Mar gheall ar fháltais níos airde ná mar a ceapadh ón AE le haghaidh tionscadal Interreg (os cionn €1.7 milliún) agus aisíocaíochtaí FSS as úsáid héileacaptar SAR bhí fáltais mhéadaithe ann. |

**4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Pobal, aisíoc deontas nár caitheadh ag éirí as coigiltis agus éifeachtúlachtaí cláir | — | 9 |
| Cíosanna ó Fhorbairt Shionainne [a] | 10 | 15 |
| Aisíocaíochtaí ar dheontais caipitil spóirt [b] | 12 | 25 |
| Aisíocaíocht AE ón Reifreann AE ó Chlár Forimill an tuaiscirt, RoadexIV [c] | — | 60 |
| Aisíocaíocht ón Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre de dheontas nár caitheadh [d] | — | 200 |
| Fáltas ó Bhus Éireann mar gheall ar iompar scoile | 250 | — |
| Fáltas AE as réamhchistiú ar thionscadal tollán idirnascaire Bhaile Átha Cliath | — | 365 |
| Fáltas AE le haghaidh thionscadal CEF (Saoráid um An Eoraip a Nascadh) [e] | 3,233 | — |
| Íocaíocht seirbhíse pinsin | — | 2 |
| Fáltais ó chuideachta loingseoireachta | — | 3 |
| Táille luachán-Dairbhre | — | 1 |
| Aisíoc chistiú reatha RTTP | — | 3 |
| Díolachán Caipitil | — | 103 |
| Ranníocaíochtaí pinsin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus meas-seirbhís | 509 | 485 |
| Géilleadh deonach pá | 14 | — |
| Aisíoc an iarmhéid sa bhanc | 6 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (4,034) | (1,271) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

[a] Airgead do chíosanna a bhailigh Údarás Aerfort na Sionainne (ÚAS) thar ceann an Aire.

[b] Tugadh airgead deontais ar ais don Vóta mar gheall, i ndiaidh go ndearna an Roinn scrúdú, bhí sé mar chonclúid gur tarraingíodh an t-airgead anuas ar bhealach a sháraigh téarmaí agus coinníollacha an Chláir Chaipiteal Spóirt.

[c] Maidir le tionscadal bóithre an AE a chistítear trí chlár NPPROADex IV atá an aisíocaíocht.

[d] D'aisíoc an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre €200,000 maidir le hairgead deontais neamhchaite.

[e] Fuair an Roinn íocaíocht réamhchistithe le haghaidh tionscadal Ten-T ó Ghníomhaireacht Feidhmiúcháinan Ghréasáin Iompartha Thras-Eorpaigh an Choimisiúin Eorpaigh le cur ar aghaidh chuig an Roinn Airgeadais.

## 5 Líonta agus Pá Fostaithe

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon na foirne amhail dheireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| **Rannóg** | 428 | 426 |
| **Gníomhaireachtaí** | | |
| An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta | 17 | 14 |
| Fáilte Éireann | 313 | 320 |
| An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre | 35 | 34 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 71 | 74 |
| An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid | 11 | 10 |
| An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | 312 | 282 |
| Turasóireacht Éireann | 145 | 148 |
| Bonneagar Iompair Éireann * | 267 | 287 |
| Spórt Éireann ** | 34 | 38 |
| | 1,633 | 1,633 |

* Rinneadh cónascadh an 1 Lúnasa 2015 ar Údarás na mBóithre Náisiúnta agus ar an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród chun Bonneagar Iompair Éireann a bhunú.

* Rinneadh cónascadh an 1 Deireadh Fómhair 2015 ar Chomhairle Spóirt na hÉireann agus ar Údarás Forbartha Champas Náisiúnta Spóirt chun Spórt Éireann a bhunú.

| | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 23,710 | 23,460 |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise | 433 | 499 |
| Liúntais eile | 539 | 530 |
| Ragobair | 625 | 694 |
| ÁSPC Fostóra | 1,461 | 1,428 |
| **Pá iomlán** | **26,768** | **26,611** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht uasta aonair 2015 € | Íocaíocht uasta aonair 2014 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 89 | 39 | 21,406 | 20,703 |
| Liúntais eile | 99 | 2 | 22,497 | 7,041 |
| Ragobair | 76 | 19 | 32,409 | 40,149 |
| Líon na ndaoine a fuair luach saothair breise i mbreis is catagóir amháin | 61 | 42 | 40,977 | 58,564 |

**5.2 Socruithe Eile Luach Saothair**

Rinneadh seisear státseirbhíseach ar scor, a bhí ag fáil pinsin na státseirbhíse, a athfhostú ar tháille ar chostas iomlán €109,495. Cuireadh rialacha lacáiste pinsin i bhfeidhm mar is cuí.

**5.3 Ró-íocaíochtaí párolla**

Bhí ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana ag **€**115,337 (48 cás) (2014 €49,948, 34 cás). Tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm i ndáil le €17,660 as sin (17 cás).

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cistiú an Chrannchuir Náisiúnta

Rinne an Crannchur Náisiúnta caiteachas iomlán €96.74 milliún (€70 milliún in 2014) faoi fhotheidil D.3 agus D.5 a pháirtchistiú.

Tá fáil ar liosta iomlán íocaíochtaí le deonaithe faoi fhotheideal D.3 ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne, (www.dttas.ie).

### 6.2 Costais Dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí na Roinne | Costais dlí a deonaíodh | Cúiteamh a deonaíodh | 2015 Iomlán | 2014 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh arna ndéanamh ag fostaithe an Vóta** | | | | | | |
| | — | — | — | — | — | — |
| **Éilimh arna ndéanamh ag an bpobal** | | | | | | |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 6 | 46 | — | 41 | 87 | 60 |
| Eile | 3 | — | — | 284 | 284 | 1,000 |
| | | 46 | — | 325 | 371 | 1,060 |

### 6.3 Dliteanais Theagmhasacha

Tá an Roinn ag gabháil do chúpla cás dlí. Bheadh sé róluath a rá (agus a fhoilsiú) cén sórt dliteanais a eascróidh uathu.

### 6.4 Díscríobh

Díscríobhadh na suimeanna a leanas i rith na bliana:

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid an chuntais fionraí maidir le am téarma | — | 17 |
| | — | 17 |

### 6.5 Tabhairt Anonn go dtí 2016

Faoi fhoráil Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, tugadh €16.1 milliún i leithdháileadh neamhchaite i dtaca le gnéithe caipitiúla d’fhotheidil A.3, B.3, B.6, C.3, D.5 agus E.6 anonn go dtí 2016